Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

29 Bealtaine 2023 Uimhir 37

Leath-Lá:
Críochnóidh na páistí ar fad inniu ar a 11.45r.n. Beidh na múinteoirí i mbun oiliúna ar an gcuraclam teanga bunscoile.
Half-Day:
All the children will finish today at 11.45a.m. The teachers will be engaging in training on the Language Curriculum.

Coiste na dTuismitheoirí:
1. Siúlóid Urraithe / Díolacháin Cácaí: Ár míle buíochas le gach duine a d'fhreastail ar ár n-ócáid inné. Tháinig pobal na scoile le chéile chun taitneamh a bhaint as siúlóid álainn chomh maith le cácaí blásta. Ár mbuíochas le gach duine a chabhraigh ag Halla na nGasóg chomh maith. Ardaíodh breis is €800 ar an Domhnach, éacht den scoth dúinn ar fad. Seolaigí aon chartaí urraithe eile atá agaibh ar ais ar scoil an tseachtain seo le bhur dtoil agus foilsófar an méid iomlán a ardaíodh sa nuachtlitir an tseachtain seo chugainn.

2. Dúshlán Céimeanna: Comhghairdeas le gach duine a ghlac páirt i nDúshlán na gCéimeanna i mbliana. Buatóirí na ranganna ná:

Naíonáin Bheaga: Vincent Hanrahan
Naíonáin Mhóra: Sinéad Finnerty
Rang a hAon: Kiera Brett
Rang a Dó: Graham Dempsey

Ba é Vincent Hanrahan an buatóir ginearálta. Comhghairdeas libh ar fad!

3. Ranganna Gaeilge: Leanfaidh an rang comhrá ar aghaidh sa scoil amárach ar a 8i.n le hEoghan.

4. Lotto: Comhghairdeas le Laura Langan a bhuaigh an lotto, €20 agus bosca seacláide ar an Aoine. Seasann an pota óir ar €750 anois. Go n-éirí le gach duine!

5. Ag Clúdach leabhar: Buíochas ó chroí le gach duine a chabhraigh le clúdach leabhar. Clúdaíodh na céadta leabhair thar cúpla seachtain anuas. Tá an scoil ag súil le seachadadh amháin eile an tseachtain seo. Cuirigí an scoil ar an eolas dá mbeadh sibh in ann cabhrú.

Campas Oideachais Nua, Bóthair an Mhaigh gCláir, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.
F: +353 (0) 86 822 6872 I E: oifig@gaelscoilruairi.ie I www.gaelscoilruairi.ie I
Uimhir Rolla 20527F

Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

29 Bealtaine 2023 Uimhir 37

Parents' Committee:

1. Sponsored Walk / Cake Sale: A big thank you to everyone who attended yesterday's hugely successful event where the school community really came together to enjoy a lovely walk followed by some great bakes. A thank you also to those who helped out in the Scouts Hall. The cake sale raised over €800 which is a tremendous achievement for us. Please send any remaining sponsorship cards back to the school this week. The total amount raised will be published in next week's newsletter.

2. Steps Challenge: Well done to all those who participated in this year's event. The class winners were:

Naíonáin Bheaga: Vincent Hanrahan
Naíonáin Mhóra: Sinéad Finnerty
Rang a hAon: Kiera Brett
Rang a Dó: Graham Dempsey

The overall winner was Vincent Hanrahan. Congratulations to all.

3. Gaeilge Classes: The Conversation Classes will continue in school tomorrow night at 8 pm with Eoghan.

4. Lotto: Congratulations to Laura Langan who won €20 and a box of chocolates on Friday. The jackpot now stands at €750. Best of luck to everyone!

5. Book Covering: A huge thank you to everyone who has helped with book covering. Hundreds of books have been covered over the last few weeks. The school is expecting a final delivery this week, please let the school know if you can help out.

Féinmheastóireacht Scoile:

Tá ár scoil ag díriú isteach ar chursaí folláine mar chuid den phroiséas Féinmheastóireachta scoile. Tugann scoileanna faoin bpróiseas seo chun caighdeán an oideachais a chuirtear ar fáil i scoileanna a fheabhsú. Mar chuid den phróiseas bíonn eolas le bailiú. Bailítear eolas ó phaistí na scoile, ó fhoireann na scoile agus ó thuismitheoirí na scoile. Tá nasc thíos do shuirbhé ar fholláine sa scoil agus bheimís an-bhuíoch dá mbeadh sibh in ann é a líonadh isteach roimh an Luan seo chugainn. Beidh na freagraí ar fad anaithnid.

https://www.surveymonkey.com/r/DHSKXZY

School Self-Evaluation:

The school is focusing on wellbeing as part of the school self-evaluation process. Schools engage in this process to improve the standard of education in their schools. Information is gathered as part of the process, from teachers, children and parents. The link below will bring you to a survey on wellbeing and we would really appreciate it if parents could fill it in by next Monday. All answers will be anonymous.

https://www.surveymonkey.com/r/DHSKXZY

Dréacht Pholasaithe:

Tá dréacht dár bpolasaí athbhreithnithe Cód Iompair, An Polasí Fóin agus An Polasaí Teachta agus Imeachta á sheoladh againn le nuachtlitir na seachtaine seo. Mar is eol daoibh eagraíodh cruiniú le déanaí chun na polasaithe seo a phlé. Tugaimid cuireadh d'aon duine gur mhaith leo aiseolas a chur chugainn é a dhéanamh agus é a sheoladh go priomhoide@gaelscoilruairi.ie roimh an Luan seo chugainn. Is faoin mBord Bainistíochta a bheith sé na polasaithe deiridh a dhaingiú.

Draft Policies:

A draft of our updated Code of Behaviour policies, our Phone Policy and our Coming into School and Leaving School Policy will be sent to parents with this week's newsletter. As you are aware there was a meeting recently to discuss the drafting of these policies. We invite anyone who would like to give feedback on these policies to do so by email by next Monday. Please send comments to priomhoide@gaelscoilruairi.ie It is the responsibility of the Board of Management to ratify the final policies.

Cuairt na Naíonán Beag Nua:

Beidh na naíonáin bheaga agus a dtuismitheoirí ag tabhairt cuairte ar a seomra ranga agus ag bualadh lena Múinteoir, Múinteoir Clíona, ar an Déardaoin bheag seo ó a 1.30i.n. go dtí a 4i.n. Táimid ag tnúth le bualadh leo ar fad.

Incoming Junior Infant Visit:

The incoming junior infants and their parents will be visiting their classroom and meeting with their teacher, Múinteoir Cliona, this Thursday from 1.30p.m until 4p.m. We are really looking forward to meeting them all.

Lá Saoire Bainc:

Beidh an scoil dúnta ar an Luan seo chugainn don lá saoire bainc.

Bank Holiday:

The school will be closed next Monday for the bank holiday.

CLG - Campa as Gaeilge:

Beidh campa an CLG ar fáil trí mheán na Gaeilge i Maigh Nuad i mbliana ón 3 lá go dtí an 7 lá de mhí Iúil. Is féidir gach eolas a fháil ó Declan Ó Toole ar 087-6642369.

GAA - Cúl Camp as Gaeilge:

The GAA are running a Cúl Camp this year in Maynooth from the 3rd - 7th July as Gaeilge. All information is available from Declan Ó Toole at 087-6642369.

Cosc ar Chnónna:

Ba mhaith linn a mheabhrú do gach duine go bhfuil cosc iomlán ar chnóanna ar scoil.

Nut Ban:

We would like to remind everyone that nuts are completely banned in school.

Lá Spóirt:

Beidh ár Lá Spóirt againn ar an Luan an 19 lá de mhí an Mheithimh. Beidh na páistí gníomhach don lá ar fad. Beidh na rásaí ar siúl ar a 12i.n. ar pháirc an CLG díreach trasna ón scoil agus beidh fáilte roimh chách teacht don chuid seo. Má bhíonn an aimsir úfasach fliuch ar an lá sin, cuirfear ar cheall é agus déanfar é ar an Máirt, an lá dar gcionn.

Sports' Day:

Our Sports' Day will take place on Monday 19th June. The children will be active for the day. The races will start at 12p.m. on the GAA pitch directly across the road from the school and everyone is welcome to come to see this. If the weather happens to be horrendously wet on this day, it will be postponed and will take place on Tuesday, the following day.

—----------